

Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh 2024

Ár Misean

Freastal ar an bpobal
trí chánacha agus trí
dhleachtanna a
bhailiú go cothrom
agus go héifeachtach
agus trí rialuithe
custam a chur i
bhfeidhm

**Seirbhís le
haghaidh
Comhlíontac
hta**

**Aghaidh a
Thabhairt
ar
Neamhcho
mhlíontacht**

Ár bhFís

Chun bheith ar
cheann de na córais
riartha chánach agus
custam is mó chun
tosaigh le muintir an
phobail agus a bheith
ar an rogha fostóra

Ár gCreat Pleanála Straitéisí

Straitéise

Leagann Ráiteas Straitéise 2023 go dtí 2025 na gCoimisinéirí Ioncaim amach ár Misean, ár bhFís agus ár gCroíluachanna. Leagann sé amach ár gcuspóirí ard-leibhéil don tréimhse trí bliana faoinár ndá bhunchloch, is é sin Seirbhís le haghaidh Comhlíontachta agus Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht agus ár aghaidh a thabhairt chun dul i mbun na hoibre trínár ndaoine, struchtúir agus córais.


Tosaíochtaí

Tagann Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim 2024 leis an Ráiteas Straitéise agus tá sé mar bhonn eolais do na Pleananna Gnó Rannóige mionsonraithe le haghaidh 2024.

Pleananna Gnó

Leagtar amach i bPlean Gnó gach Rannóig an clár oibre don Rannóg sin chomh maith leis an méid a chuireann le príóireachtaí eagrúcháin.

Ráiteas Straitéise 2023 go dtí 2025



Croí-obair na gCoimisinéirí Ioncaim is ea cánacha agus dleachtanna a bhailiú agus rialuithe custam a chur i bhfeidhm. Aithníonn ár Ráiteas Straitéise 2023 go 2025 sé réimse tosaíochta fócais. Atáirgeadh iad seo ar na leathanaigh seo a leanas agus, i gcás gach ceann, léirítear na príomhghníomhartha pleanáilte do 2024.



1. Tiomanta don Chomhlíontacht

Ráiteas Straitéise 2023-2025

Déanfaimid ár mbealaí oibre a ailíniú chun leibhéal comhlíontachta shaorálach thráthúla a uasmhéadú. Cuirfidh muid le héifeachtacht ár gCreat Idirghabhálacha Comhlíontachta inár bhfreagra ar rioscaí comhlíontachta.

Forbróimid straitéis láidir bainistíochta sonraí chun úsáid sonraí a mhéadú, rioscaí comhlíontachta a aithint agus freagra níos gaire d'fhíor-am, agus cabhrú le custaiméirí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

Beimid ag díriú tuilleadh ar smuigleáil agus ar ghníomhaíocht neamhdhleathach, ag obair i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosc na coireachta agus ag úsáid ár raon iomlán sócmhainní.

In 2024, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. Úsáid chuimsitheach a bhaint as an tsraith iomlán idirghabhálacha a leagtar amach sa Chreat um Idirghabhálacha Comhlíontachta (CIC) chun cabhrú le comhlíontacht shaorálach agus chun freagra cuí a thabhairt ar neamhchomhlíontacht.
2. Measúnú riosca fíor-ama, bunaithe ar shonraí agus cláir um roghnú cásanna a chur i bhfeidhm chun maoirseacht thráthúil atá bunaithe ar riosca agus dírithe ar chomhlíonadh a bharrfheabhsú agus an t-ualach ar cháiníocóirí comhlíontachta a íoslaghdú.
3. Cur chuige cuimsitheach comhordaithe a sheachadadh chun dul i ngleic leis an trádáil drugaí neamhdhleathacha agus máil, an scáthgheilleagar, calaois cánach agus dleachta agus neamhchomhlíonadh mór.



2. Dírithe ar an gCustaiméir

Ráiteas Straitéise 2023-2025

Cuirfimid ar chumas ár custaiméirí a bheith comhlíontach go saorálach trí sheirbhísí ardchaighdeán asholáthar. Bainfimid leas as teicneolaíochtaí chun roghanna féinseirbhíse a fheabhsú, rud a chuirfidh ar chumas ár gcustaiméirí dul i dteagmháil linn ag am agus in áit a roghnaíonn siad. Tabharfaimid tacaíocht réamhghníomhach do chustaiméirí sa Stóras Fiachais chun an Stóras a fhágáil trí chomhaontuithe íocaíochta saincheaptha.

Agus aitheantas á thabhairt againn don ról lárnach atá ag idirghabhálaithe cánach agus custam, déanfaimid iarracht feabhas a chur ar ár dtacaíocht dá gcuid oibre chun tacú le comhlíontacht agus chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht.

In 2024, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. Feabhas a chur ar an t-eispéireas do chustaiméirí trínár dtairiscintí digiteacha a leathnú agus a fheabhsú agus leanúint ar aghaidh ag tacú leis na custaiméirí sin nach bhféadann ár seirbhísí ar líne a úsáid, chun é a dhéanamh níos éasca do gach custaiméir a ngnóthaí cánach a fhéinbhainistiú.
2. Leanúint ar aghaidh ag bainistiú na Scéime Trádstórála Fiachais, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht fhairsing le custaiméirí chun comhlíontacht chánach reatha agus imeachtaí tráthúla ón Stóras a chinntiú trí shocraíochtaí íocaíochta saincheaptha.
3. Athbhreithniú a dhéanamh ar ár dtacaíochtaí agus ar ár rannpháirtíocht le hidirghabhálaithe cánach agus custam, mar chéad chéim chun feabhas a chur ar a gcumas chun tacú le comhlíontacht agus aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht.
4. Cur chun feidhme rathúil agus comhlíontacht cána nua a chinntiú, go háirithe rialacha Cholún a Dó (Creimeadh Frithbhonn Domhanda - GLoBE), trí phróiseas réamhghníomhach rannpháirtíochta le cáiníocóirí agus lena ngníomhairí ar an gcreat riaracháin chun na rialacha nua a chur i bhfeidhm, treoir shoiléir chuimsitheach a sholáthar maidir leis an gcaoi a n-oibreoidh na rialacha nua, córas pá agus ríomhíocaíocht féinmheasúnaithe a chur i bhfeidhm, agus forbairt na scileanna teicniúla agus scileanna eile ag teastáil chun na rialacha nua a chur i bhfeidhm.



3. Daoine

Ráiteas Straitéise 2023-2025

Forbróimid agus feabhsóimid scileanna teicniúla, bainistíochta agus ceannaireachta ár ndaoine chun freastal ar riachtanais timpeallachta atá ag síorathrú. Cothóimid lucht saothair éagsúil agus cuimsitheach, atá ionadaíoch ar an bpobal ar a bhfreastalaímid.

In 2024, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. Leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm ár bPlean Straitéiseach Fórsa Saothair chun tacú lenár spriocanna straitéiseacha go léir a bhaint amach agus réitigh dhigiteacha a ghíaráil chun an leas is fearr a fhéadtar a bhaint as an gcaoi a gcomhoiriúnaímid tallann nua agus reatha do riachtanais na heagraíochta.
2. Tacú leis an gcumas teicniúil, bainistíochta agus ceannaireachta a theastaíonn uainn chun a chinntiú go mbeidh muid an ann ár dtosaíochtaí go léir a bhaint amach agus tógáil orthu.
3. Rannpháirtíocht foirne a dhoimhniú agus ár luachanna a dhaingniú tuilleadh trí thacaíocht inláimhsithe don fhoireann, dá bhfolláine, agus trí thimpeallacht oibre chuimsitheach a chruthú.



4. Teicneolaíocht

Ráiteas Straitéise 2023-2025

Déanfaimid tuilleadh infheistíochta i bhforbairt agus i gcothabháil chroíchórais TF agus teicneolaíochtaí digiteacha na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear an t-aistriú chuig córais fíor-ama agus scor na teicneolaíochta deireadh saoil agus ísealfhillte. Déanfaimid cánachas a chomhtháthú i bpróisis laethúla saoil agus gnó agus leathnóimid rannpháirtíocht agus tuairisciú fíor-ama ag cáiníocóirí.

In 2024, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. Solúbthacht agus feidhmíocht ár dteicneolaíocht a neartú, lena n-áirítear trínár gclár athnuachana teicneolaíochta a chur chun cinn, fiachas teicniúil a laghdú agus ardáin níos inscálaithe a thabhairt isteach.
2. Athnuaigh ár bhfócas straitéiseach ar shonraí mar shócmhainn, lena n-áirítear trí athchóiriú cuimsitheach ar ár Straitéis Faisnéise Gnó agus Anailísíochta agus próiseas Saolré Bainistíochta Sonraí iomlán a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
3. Úsáid ár sonraí agus na hintleachta saorga (IS) a bharrfheabhsú chun tacú le comhlíontacht shaorálach agus comhlíontacht féinbhainistithe, lena n-áirítear forbairt ar Straitéis nua IS.



5. Tacaíocht Polasaí

Ráiteas Straitéise 2023-2025

Comhoibreoidh muid le dlínsí agus institiúidí comhpháirtíochta go hidirnáisiúnta, agus le comhlachtaí seirbhíse poiblí eile, go háirithe ag tacú leis an Aire agus leis an Roinn Airgeadais chun polasaí cánach agus dleachta a fhorbairt. Déanfaimid ionadaíocht éifeachtach ar leasanna na hÉireann san AE, san OECD agus san Eagraíocht Dhomhanda Custam.

In 2024, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. Tacú leis an Roinn Airgeadais maidir le meastóireacht agus forbairt leanúnach an chreata beartais cánach agus dleachta, go háirithe i ndáil le hathchóiriú Aontas Custaim an AE.
2. Clár a phleanáil chun tuairisciú CBL a nuachóiriú d'idirbhearta trasteorann agus intíre araon agus leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta don Roinn Airgeadais i bhforbairt leanúnach thograí an Choimisiúin Eorpaigh i leith CBL sa Ré Dhigiteach (ViDA).



6. Inbhuanaitheacht

Ráiteas Straitéise 2023-2025

Cuirfimid ár dTreochlár Glas i bhfeidhm chun ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus chun bealaí nua oibre a neadú a laghdaíonn úsáid agus costais fuinnimh. Déanfaimid ár gcion i ngach obair tras-Rialtais chun spriocanna inbhuanaitheachta trasghearrtha a bhaint amach.

In 2024, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. Agus muid ag obair i gcomhpháirtíocht leis an OOP, déanfaimid ár bhfoirgnimh a chomhdhlúthú, bainfimid an úsáid is fearr a fhéadtar a bhaint as na foirgnimh atá fágtha, agus bainfimid éifeachtúlachtaí fuinnimh amach ag gach suíomh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.
2. Ídiú fuinnimh a laghdú in Ionaid Sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí óstála stórála sonraí áirithe a aistriú chuig soláthraithe néalseirbhíse agus leaganacha níos tíosaí ar fhuinneamh a chur in ionad an trealaimh agus na crua-earraí TFC atá ann cheana féin.

Feasacht na foirne ar Threochlár Glas na gCoimisinéirí Ioncaim a mhéadú agus rannpháirtíocht a mhéadú, chun gach ball foirne a spreagadh chun páirt a ghlacadh inár lorg carbóin a laghdú.